Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022**
**(OR. fr, en)**

**9517/1/22**
**REV 1**

**RECH 304**
**COMPET 404**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9162/22 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir leis na misin Eorpacha<br>*Formheas* |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ullmhaíodh na conclúidí ón gComhairle maidir le misin Eorpacha mar ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais atá beartaithe don 10 Meitheamh 2022. Tá na dréachtchonclúidí seo beartaithe ag an Uachtaránacht agus an teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2021 á cur san áireamh aici, teachtaireacht inar sainaithníodh cúig mhisean Eorpacha sna réimsí seo a leanas, mar a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear Fís Eorpach iad[1]: oiriúnú don athrú aeráide; ailse; aigéin, farraigí, uiscí cósta agus uiscí intíre sláintiúla; cathracha atá aeráidneodrach agus cathracha cliste; sláinte na hithreach agus bia.

[1] IO L 170/1, 12.5.2021.

## II. STAID NA hIMEARTHA

2. Chun súil níos grinne a chaitheamh ar phríomhghnéithe na misean Eorpach, go háirithe an creat coincheapúil, na sásraí um chomhordú agus rialachas, rannpháirtíocht na saoránach agus an faireachán, an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht a dhéantar ar mhisin Eorpacha, d'eagraigh an Uachtaránacht díospóireachtaí éagsúla sa Mheitheal um Thaighde agus bhí saineolaithe seachtracha i láthair.

3. Is macasamhail den téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le 9162/21, arna fhormheas i gCoiste na mBuanionadaithe an 25 Bealtaine 2022 é, an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo. Chinn an Coiste na dréachtchonchlúidí seo a chur chuig an gComhairle Iomaíochais lena bhformheas ag an gcruinniú a bheidh aici an 10 Meitheamh 2022.

4. Chuir toscaireacht na Polainne in iúl go bhfuil sé ar intinn aici ráiteas a chur isteach sna miontuairiscí ón gComhairle i ndáil leis an léirmhíniú sa leagan Béarla ar 'inscne' i mír 26 de théacs na gconclúidí maidir leis an gcóras chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar mhisin (9517/22/ADD1).

## III. CONCLÚID

5. Iarrtar ar an gComhairle (Iomaíochas), dá bhrí sin, na conclúidí seo a fhormheas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS NA MISIN EORPACHA**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI

– Rialachán (AE) 2021/695 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht[2], lena leagtar amach go háirithe saintréithe misean Eorpach agus lena sainaithnítear na réimsí ina bhféadfaí misin a bhunú;

– Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht[3], lena sainítear, *inter alia*, ról na mbord misean;

– sna conclúidí a ghlac sí i mí na Nollag 2020[4] maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde nua, ina ndéantar tagairt do phrionsabal na treoíochta, rialachas il-leibhéil agus rannpháirtíocht na saoránach chun tionchar na n-infheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht a uasmhéadú (T&N);

– sna conclúidí a ghlac sí i mí Mheán Fómhair 2021[5] maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith taighde agus nuálaíochta – Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach, ina gcuirtear chun suntais gur gá na comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí iltaobhacha T&N atá ann cheana a neartú;

– Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip[6], ina leagtar amach na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach san Aontas Eorpach, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar na dúshláin a ghabhann leis an aistriú glas agus leis an gclaochlú digiteach, agus maidir le rannpháirtíocht na sochaí sa Limistéar Eorpach Taighde a mhéadú;

---

2 IO L 170/1, 12.5.2021
3 IO L 167/1, 12.5.2021
4 13567/20
5 12301/21
6 IO L 431, 2.12.2021

– an teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach i mí na Nollag 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[7] agus an teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach i mí Iúil 2021 maidir le pacáiste 'Oiriúnach do 55':Sprioc aeráide 2030 an Aontais a chur i gcrích maidir leis an mbealach chun aeráidneodracht bhaint amach[8];

– an teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach i mí Mheán Fómhair 2021 maidir le misin Eorpacha[9], inar sainaithníodh cúig mhisean Eorpacha;

– Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, a glacadh in 2015, atá mar fhoinse chun misin Eorpacha a dhearadh agus a chur chun feidhme;

## <u>I. T&N na hEorpa a stiúradh chun tacú le beartais phoiblí a fhreagraíonn níos fearr ar dhúshláin shochaíocha</u>

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb iad seo a leanas príomh-shaintréithe an chur chuige mhisean-dírithe:

   – cur chuige comhoibríoch, trasnáisiúnta, cuimsitheach, ildisciplíneach agus trasearnála chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha chasta trí chur chuige sistéamach agus comhordaithe a fhorbairt ar fud an tslabhra luacha iomláin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil trí ghníomhaithe ábhartha, beartais phoiblí, tionscnaimh phríobháideacha agus ionstraimí agus cláir chistiúcháin faoi cheangal ama socraithe agus le spriocanna intomhaiste;

   – an ghné treoíochta, a bhfuil sé d'aidhm aici T&N agus infheistíochtaí earnála eile a threorú agus tús áite a thabhairt dóibh ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach mar chuid de phróiseas comhordúcháin straitéisigh idir T&N agus réimsí beartais ábhartha eile chun tionchar a imirt ar an tsochaí agus ar cheapadh beartas tríd an eolaíocht agus teicneolaíocht;

   – an próiseas maidir le comhdhearadh, cur chun feidhme agus comhfhaireachán le gníomhaithe poiblí, an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

[7] COM(2019)640 final
[8] COM(2021)550 final
[9] COM(2021)609 final

2. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil T&N mar bhonn do mhisin Eorpacha agus go bhfuil gá le gníomhaíochtaí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma sna hearnálacha ábhartha uile ag gníomhaithe poiblí, ag an earnáil phríobháideach agus ag an tsochaí shibhialta, mar aon le cistiú leordhóthanach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, go háirithe, beartais phoiblí chomhleanúnacha a chur chun feidhme a bheidh bunaithe ar dhul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch úrscothach faoi chuimsiú misin Eorpacha, lena n-áirítear beartais a spreagann éileamh, a chuireann luachshocrú an eolais chun cinn agus a spreagann athruithe iompraíochta;

3. MEABHRAÍTEAR DI nach maoiníonn Fís Eorpach ach gníomhaíochtaí T&N amháin, ach go gcistítear gníomhaíochtaí eile trí gach clár ábhartha i mbeartais earnála eile, de réir rialacha infheidhme na gclár faoi seach; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé d'aidhm ag an bPlean Straitéiseach faoi Fís Eorpach sineirgí a chur chun cinn idir Fís Eorpach agus beartais agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais;

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá bonneagair thaighde chun cuspóirí na misean Eorpach a bhaint amach, go háirithe trína n-acmhainneachtaí taighde ildisciplíneacha, lena n-áirítear sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhfuil ról lárnach acu maidir le hardteicneolaíochtaí agus ardmhodheolaíochtaí a fhorbairt chomh maith leis na naisc atá acu leis an earnáil oideachais agus an earnáil phríobháideach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde chun forbairt straitéiseach na mbonneagar sin a threorú agus a n-ionchur i gcur chun feidhme na misean Eorpach a chothú; CUIREANN SÍ I dTREIS gur féidir le bonneagair theicneolaíochta cur le cur chun feidhme na misean Eorpach freisin;

5. MEASANN SÍ gur de chineál domhanda iad na dúshláin shochaíocha a chumhdaítear leis na misin Eorpacha; MOLANN SÍ don Choimisiún comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí shineirgí le tionscnaimh mhisean-dírithe idirnáisiúnta , i gcás ina gcuirfidh an méid sin le cuspóirí na misean Eorpach, agus urraim do phríomhphrionsabail agus príomhluachanna an Aontais agus cosaint leasanna an Aontais á n-áirithiú ag an am céanna;

## II. Rialachas éifeachtach misean Eorpach a áirithiú

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le samhail rialachais il-leibhéil éifeachtach idir na gníomhaithe ábhartha, beartais phoiblí, tionscnaimh phríobháideacha agus ionstraimí agus cláir chistiúcháin chun go mbeidh rath ar na misin Eorpacha; AITHNÍONN SÍ gur gá an tsamhail rialachais a oiriúnú do gach ceann de na misin Eorpacha;

7. MEASANN SÍ gur cheart don rialachas éifeachtach a bheith bunaithe ar chur chuige cothrománach agus ingearach i gcomhréir leis na freagrachtaí faoi seach; SAINÍONN SÍ gurb é atá sa rialachas cothrománach comhordú idir gníomhaithe ábhartha, beartais phoiblí, tionscnaimh phríobháideacha agus ionstraimí agus cláir chistiúcháin ar an leibhéal riaracháin céanna, agus gurb é atá sa rialachas ingearach comhordú idir gníomhaithe ábhartha, beartais phoiblí, tionscnaimh phríobháideacha agus ionstraimí agus cláir chistiúcháin ar iliomad leibhéal: leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

### A. Rialachas cothrománach

8. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil rath na misean Eorpach bunaithe ar shineirgí éifeachtacha idir Fís Eorpach, lena n-áirítear a Chomhpháirtíochtaí Eorpacha, agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais chun clársceidealú agus cómhaoiniú comhleanúnach a áirithiú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na dálaí is gá a chur ar bun, agus ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm, chun gníomhaíochtaí comhlántacha chláir ábhartha uile an Aontais a áirithiú ar leibhéal an chlársceidealaithe théamaigh agus ar leibhéal na dtionscadal aonair araon; AITHNÍONN SÍ an iarracht thábhachtach a rinne an Coimisiún chun comhlachtaí comhordúcháin a bhunú idir a ranna éagsúla chun na sineirgí sin a chur chun cinn; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart don rialachas a dhéantar laistigh den Choimisiún ar mhisin Eorpacha cineál claochlaitheach agus sistéamach na misean Eorpach a léiriú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún mapáil mhionsonraithe a chur i láthair ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh agus ar an gcistiú comhfhreagrach a chuirfear ar fáil trí bheartais, cláir agus tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais, chun clársceidealú téamach comhleanúnach agus cur chun feidhme a áirithiú le haghaidh gach misin de chuid an Aontais; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí substaintiúla breise ó chláir ábhartha eile de chuid an Aontais atá comhchuimseach le hinfheistíochtaí Fís Eorpach chun tacú le misin Eorpacha;

9. IARRANN SÍ ar na Ballstáit cuspóirí sonracha na misean Eorpach a chur san áireamh ina gclársceidealú earnála náisiúnta agus ina mbeartais náisiúnta agus i gcláir an Aontais atá faoi bhainistíocht dhíláraithe; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na bearta agus na treoirlínte riaracháin is gá a chur i bhfeidhm chun sineirgí a chur chun cinn le cláir de chuid an Aontais atá faoi bhainistíocht dhíláraithe, go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), an Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), chomh maith leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus Pleananna Straitéiseacha Náisiúnta an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT); MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá straitéisí um speisialtóireacht chliste agus pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta mar uirlis chlársceidealaithe úsáideach chun cur le cuspóirí na misean Eorpach;

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí scéim lipéadaithe a bhunú do ghlaonna ar thograí a sheolfar le cláir chistiúcháin an Aontais, seachas Fís Eorpach, chun, *inter alia*, cur le chéile punanna misean a éascú, infheictheacht na dtionscnamh gaolmhar a mhéadú agus a gcuid torthaí a bhailiú, agus ar an gcaoi sin cuidiú le cuspóirí na misean Eorpach a bhaint amach;

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról straitéiseach atá ag boird mhisin maidir le comhairle a cheapadh le linn ullmhú agus saolré misean Eorpach; MOLANN SÍ go gcuirfeadh an Coimisiún an chomhairle sin san áireamh ar an leibhéal polaitiúil iomchuí, i bhfianaise chineál trasearnála na misean Eorpach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt ar bhonn tráthrialta don chumraíocht straitéiseach agus na cumraíochtaí téamacha ábhartha de Choiste Cláir Fís Eorpach a chur ar an eolas faoi thorthaí na hoibre a rinne na boird mhisin; MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá saineolas maidir le rannpháirtíocht na saoránach i mboird mhisin;

12. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart tabhairt faoi iarrachtaí cothrománacha rialachais ar leibhéal na mBallstát freisin; MOLANN SÍ do na Ballstáit struchtúir rialachais leordhóthanacha a chur ar bun chun go bhféadfaí trína ngníomhaithe ábhartha, a mbeartais phoiblí, a dtionscnaimh phríobháideacha agus a n-ionstraimí agus a gcláir mhaoiniúcháin cabhrú le cuspóirí na misean Eorpach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an cineál saolré a ghabhann leis na misin, lena mbaineann gníomhaithe sonracha, beartais agus ionstraimí atá ábhartha ag céimeanna difriúla den phróiseas rialachais; CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR, dá bhrí sin, nach ann d'aon samhail aonair rialachais agus go bhfuil saoirse ag na Ballstáit socruithe rialachais a bhunú i gcomhréir lena struchtúir agus lena riachtanais féin; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit maidir le samhlacha rialachais iomchuí le haghaidh misin Eorpacha a chur chun cinn go gníomhach agus a éascú;

**B. Rialachas ingearach**

13. AITHNÍONN SÍ go bhfuil comhordú éifeachtach ar an leibhéal cinnteoireachta Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ríthábhachtach chun go n-éireoidh le misin Eorpacha; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na leibhéil sin ag feidhmiú mar is ceart; MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé ról a bheith ag foirmíocht straitéiseach agus foirmíochtaí ábhartha téamacha Choiste an Chláir Fís Eorpach chun an comhthéacs náisiúnta agus na deiseanna chun feabhas a chur ar ailíniú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta (T&N) a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta a chur san áireamh;

14. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur gá anailís a dhéanamh ar ábharthacht agus ar phoitéinseal na n-ionstraimí agus na dtionscnamh ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, go háirithe comhpháirtíochtaí, agus ionstraimí idir-rialtasacha chun cabhrú le cuspóirí na misean Eorpach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an t-athbhreithniú seo a dhéanamh i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí eile; IARRANN SÍ ar na Ballstáit cláir nó tionscnaimh náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a shainaithint, lena n-áirítear a dtorthaí, ar féidir leo cabhair a thabhairt chun go n-éireoidh leis na misin Eorpacha; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, modheolaíocht sholúbtha a bhunú a bheidh na Ballstáit agus na réigiúin in ann a úsáid chun tionscnaimh den sórt sin nó aon bheart eile a d'fhéadfadh cabhrú chun go n-éireodh le misin Eorpacha agus lena gcomhordú ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a shainaithint;

15. AITHNÍONN SÍ ról sonrach na n-údarás réigiúnach agus áitiúil agus misin Eorpacha á gcur chun feidhme acu; CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil ról lárnach ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le tacú le tionscnaimh taispeántais chun réitigh a thástáil, lena n-áirítear réitigh eolaíocha agus theicneolaíocha, i gcomhar le húsáideoirí deiridh agus saoránaigh;

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb éiceachórais taighde agus nuálaíochta uile-Eorpacha iad Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) a thugann gníomhaithe éagsúla le chéile agus go bhféadfadh comhghuaillíochtaí na n-ollscoileanna Eorpacha cur leis an dinimic sin chomh maith, go háirithe trí ghné T&N na n-ollscoileanna; IARRANN SÍ, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhsheasmhacht a chur chun cinn idir cuspóirí na misean Eorpach a bhaint amach agus gníomhaíochtaí EIT agus a PENanna, chomh maith leis na gníomhaíochtaí a dhéanann comhghuaillíocht na n-ollscoileanna Eorpacha faoina ngné T&N a chur chun cinn;

17. TUGANN SÍ DÁ hAIRE poitéinseal na huirlise i ndáil le Moil LET chun acmhainneacht na n-éiceachóras réigiúnach taighde agus nuálaíochta a neartú, creatchoinníollacha a chruthú don chomhar agus na héiceachórais sin a idirnascadh ar an leibhéal Eorpach;

**C. Rialachas phunann an mhisin**

18. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá bainistiú comhleanúnach a dhéanamh ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí a mhaoinítear ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus a chuireann le cuspóirí na misean; MEABHRAÍTEAR DI go gcuirfear misin Eorpacha chun feidhme trí chur chuige punainne, ina mbeidh grúpa comhleanúnach gníomhaíochtaí; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart an slabhra luacha iomlán a léiriú sa phunann misean, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann leis na hEolaíochtaí Sóisialta agus leis na Daonnachtaí; MEABHRAÍTEAR DI, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá taighde bunúsach maidir le forbairt na punainne, chomh maith le hábharthacht na dtionscadail a bhfuil ardphoitéinseal nuálaíochta agus ardleibhéal riosca ag gabháil leo, mar shampla, i bpríomhearnálacha agus in earnálacha straitéiseacha an Aontais a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE);

19. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí punann an mhisin a bhainistiú, go gcuirfí chun cinn an tsolúbthacht is gá maidir le clársceidealú, cur chun feidhme, comhdhéanamh punainne agus ath-threorú le linn saolré an mhisin Eorpaigh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na modhanna a úsáidtear chun punann an mhisin a bhainistiú agus an dul chun cinn a bheidh déanta a chur in iúl d'fhoirmíocht straitéiseach Choiste Clár Fís Eorpach;

20. MEABHRAÍTEAR DI gur cheart gníomhaíochtaí a mhaoinítear ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a áireamh i bpunann an mhisin; MOLANN SÍ don Choimisiún malartú dea-chleachtas maidir le bainistiú punann misean ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach a chothú agus a chur chun cinn i measc na mBallstát; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí fadbhreathnaitheachta straitéiseacha chun suaití eolaíocha, teicneolaíocha agus sochpholaitiúla a thuar agus a chur san áireamh nuair a bheidh na misin Eorpacha ar siúl;

**<u>III. Rannpháirtíocht na saoránach</u>**

21 DEARBHAÍONN SÍ nach féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shochaíocha, chomhshaoil agus eacnamaíocha ach trí chaidreamh neartaithe idir ceapadh beartais, eolaíocht agus an tsochaí; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur léiríodh, le paindéim COVID-19 agus le cuid de na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, mar shampla, an t-athrú aeráide nó na dúshláin a ghabhann le príomhtheicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt, a thábhachtaí atá sé an caidreamh eolaíocht-sochaíoch a neartú; CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé muinín na sochaí san eolaíocht a neartú, scileanna smaointeoireachta criticiúla eolasbhunaithe a chur chun cinn agus leathnú bréageolaíochtaí agus mífhaisnéise a ghleic; AITHNÍONN SÍ ról gníomhach agus rannpháirtíocht na saoránach sa taighde agus sa nuálaíocht mar cheann de na bealaí chun an méid sin a bhaint amach;

22. CUIREANN SÍ rannpháirtíocht na saoránach san eolaíocht CHUN SUNTAIS, mar go gcuirtear feasacht agus athruithe sochaíocha chun cinn leis sin; tá sé sin níos tábhachtaí fós i gcomhthéacs na misean Eorpach, mar go bhfuil mar aidhm acu, sa deireadh thiar, feabhas a chur ar shaoil na saoránach; CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé páirt ghníomhach a thabhairt do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht;

23. MEABHRAÍTEAR DI, chun go n-éireoidh go hiomlán le misin Eorpacha, gur cheart go mbeadh na saoránaigh rannpháirteach ar bhonn uile-Eorpach sna céimeanna tosaigh ina sainaithnítear misin shonracha Eorpacha agus nuair a bheidh na misin sin á bpleanáil, á gcur chun feidhme agus á bhfaireachán; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún plean rannpháirtíochta agus cumarsáide leis an bpobal a chur ar bun le haghaidh gach misean agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na bpleananna sin agus na misean Eorpach á bhfaireachán, á meas, á n-athbhreithniú agus nuair a bheidh obair leantach á déanamh ina leith; IARRANN SÍ ar na Ballstáit pleananna rannpháirtíochta agus cumarsáide leis an bpobal a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus pleananna rannpháirtíochta agus cumarsáide saincheaptha leis an bpobal a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí agus ar bhonn deonach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhroinnt dea-chleachtas maidir le rannpháirtíocht na saoránach i misin Eorpacha a éascú go gníomhach;

24. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil institiúidí ardoideachais, taighde agus teicneolaíocha ag an gcomhéadan idir an eolaíocht agus an tsochaí agus go bhfuil ról gníomhach acu maidir le luachanna agus cleachtais dhaonlathacha a neartú, na mic léinn a ullmhú don tsaoránacht ghníomhach agus do rannpháirtíocht shibhialta agus maidir le díospóireacht phoiblí a ghríosú le faisnéis eolaíochtbhunaithe; SPREAGANN SÍ an Coimisiún agus na Ballstáit comhoibriú le hinstitiúidí ardoideachais agus taighde agus iad ag gníomhú mar éascaitheoirí féideartha idir saoránaigh Eorpacha agus misin Eorpacha, i gcás inarb iomchuí, chun athrú sochaíoch a spreagadh;

## IV. Faireachán, athbhreithniú agus meastóireacht ar mhisin Eorpacha

25. MEABHRAÍTEAR DI go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar na chéad mhisin Eorpacha agus athbhreithniú ar limistéir na misean Eorpach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2023 agus sula nglacfar aon chinneadh maidir le misin nua a chruthú nó maidir le leanúint leis na misin Eorpacha atá ar bun faoi láthair, iad a fhoirceannadh nó a atreorú; MOLANN SÍ nach seolfaí aon mhisin nua laistigh de limistéir na misean atá ar bun cheana agus nach molfaí aon limistéar misean nua go dtí go mbeidh measúnú dearfach déanta ar an misin atá ar bun anois; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus gné thrasearnála na misean Eorpach agus a dtionchar ar ailíniú na mbeartas náisiúnta sa bhreis ar thaighde agus nuálaíocht á cur san áireamh, aon fhorbairt a dhéanfar amach anseo i ndáil le misin Eorpacha a chur in iúl don Chomhairle;

26. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart do mhisin Eorpacha tairbhiú de chóras trédhearcach inscnefhreagrúil stóinse faireacháin agus meastóireachta, bunaithe ar chuspóirí gach misin Eorpaigh chun an ghné shistéamach dhinimiciúil a ghabhann leis a léiriú;

27. CUIREANN SÍ i dTREIS gur cheart measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir le garspriocanna agus cuspóirí na dtionscadal agus na ngníomhaíochtaí éagsúla a chuireann leis na misin Eorpacha mar chuid den chóras faireacháin agus meastóireachta sin, chun a áirithiú go bhfuil sé ar an mbóthar ceart agus go mbainfear amach na cuspóirí a leagadh síos;

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún modheolaíochtaí agus próisis a fhorbairt chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar mhisin Eorpacha, bunaithe, *inter alia*, ar an saineolas atá ann faoi láthair, agus na príomhtháscairí feidhmíochta cainníochtúla agus cáilíochtúla sonracha curtha in oiriúint do shainiúlacht an chur chuige mhisindhírithe, lena n-áirítear a nádúr sistéamach, agus eolas a thabhairt don Chomhairle i dtaca leis sin; CUIREANN SÍ i dTREIS an poitéinseal a ghabhann le modheolaíochtaí nuálacha a úsáid, amhail na cinn a forbraíodh i gcomhthéacs Innéacs Dea-Shaoil ECFE nó Deais Fhaireacháin an Chomhaontaithe Ghlais; CUIREANN SÍ i dTREIS a thábhachtaí atá sé sásra a bhunú chun tionchar na misean Eorpach a mheasúnú;

29. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bearta a chur i láthair na Comhairle chun an t-eolas a forbraíodh faoi chuimsiú na misean Eorpach san Eoraip a spreagadh agus a fheabhsú, chun a áirithiú go rachaidh na torthaí chun tairbhe do gach tír san Eoraip.